

## Comhaltacht Taighde PhD maidir le lámhscríbhinní de chuid Sheáin Mhic Mhathúna (1876-1949)

Tá Scoláireacht Taighde Iarchéime ceithre bliana á tairiscint ag Fiontar & Scoil na Gaeilge (FSG) chun tacú le staidéar a dhéanamh ar ábhar béaloidis a bhailigh Seán Mac Mathúna,<sup>1</sup> a bhí gníomhach i gContae an Chláir i rith na 1930í agus na 1940í. Tá an maoiniú don taighde seo á chur ar fáil ag muintir Barrett as Inis, gaolta le Seán Mac Mathúna.

Beidh an mac léinn ag cur an ábhair seo in eagar ar dúchas.ie agus is ar an ábhar sin a bhunófar a t(h)ráchtas. Beidh an mac léinn ag obair go dlúth le foireann thionscadal Dúchas, ag a bhfuil saineolas eagarthóireachta, teicniúil agus riaracháin, agus le foireann Chnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ) UCD, ag a bhfuil saineolas ar bhéaloideas na hÉireann.

Is fiú €16,000 sa bhliain mar stipinn taighde (saor ó cháin) an chomhaltacht seo. Íocfaidh FSG na táillí clárúcháin agus costaisí áirithe taighde freisin mar chuid den phacáiste. Tréimhse 4 bliana a bheidh i gceist leis an gcomhaltacht. Ní mór don té a roghnófar an próiseas deimhniú ar an gclár PhD a chur i gcrích go sásúil i ndeireadh Bhliain 1 den staidéar agus dul faoi athbhreithniú bliantúil ina dhiaidh sin go dtí go n-aighneofar an tráchtas mar chuid de phróiseas scrúdúcháin na hOllscoile. Beidh an comhalta lonnaithe in oifigí FSG ar bhonn lánaimseartha.

Beidh an mac léinn á stiúradh ag an Dr Úna Bhreathnach (DCU) agus ag an Dr Críostóir Mac Cárthaigh (UCD).

### Riachtanais:

Gaeilge den scoth agus bunchéim onóracha móide céim mháistreachta i réimse cuí. Níor mhór don mhac léinn tuiscint a bheith aige/aici ar ábhar béaloidis, agus ar Ghaeilge na Mumhan.

### Próiseas Iarratais:

Ba chóir d'iarrthóirí:

- CV a chur ar fáil mar aon le ráiteas gearr (faoi bhun 500 focal) faoi na cúiseanna ar mhaith leo tabhairt faoin taighde, agus ainmneacha beirt mholtóirí acadúla a lua chomh maith.
- tras-scríbhinn de thorthaí deiridh na bunchéime agus na hiarchéime a chur ar fáil.
- plean taighde a sholáthar (uaslón 2,000 focal) ina sonrógar (i) an cheist taighde; (ii) an mhodheolaíocht; (iii) plean sonrógar ina luaitear tascanna agus sceideal ama; (iv) liosta gearr de na príomhfhoinsí taighde.
- saothar scríofa críochnaithe amháin a rinneadh cheana a chur ar fáil mar shampla d'obair thaighde an iarratasóra, e.g. miontráchtas nó aiste thaighde.

Moltar d'iarratasóirí coinne a eagrú le FSG roinnt seachtainí roimh an spriocdháta chun breis eolais a fháil agus ábhar an iarratais a phlé. Ba chóir chomh maith coinne a dhéanamh le CBÉ chun cuairt a thabhairt ar an gcnuasach agus féachaint ar an mbunábhar. Má bhíonn cúpla iarratas ar comhchaidheán, réachtálfar agallaimh seachtain an 9 Aibreán.

**Spriocdháta deiridh chun iarratas iomlán a aighniú:** Dé hAoine, an 23 Márta 2018.

An Dr Úna Bhreathnach, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Fón: +353 (0)1 700 8083; R-phost: [una.bhreathnach@dcu.ie](mailto:una.bhreathnach@dcu.ie)

<sup>1</sup> <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1116>